

# Réabhlóidí Polaitíochta

## Stór focal

Stampdhleacht – stamp duty  
Cánacha éigeantacha – compulsory taxes  
Feidhmeannach – official  
Coilíneach – colonist  
Poblacht – republic  
Comhdháil Ilchríochach – Continental Congress  
Forógra na Saoirse – Declaration of Independence  
Neamhspleáchas – independence  
Córas cónaidhmeach – federal system  
Na hEastáit Ghinearálta- States General

An Tionól Náisiúnta – National Assembly  
Rinne sé ionradh ar an tír – he invaded the country  
Comhionannas – equality  
Bráithreachas – fraternity  
Faoi bhréagriocht – in disguise  
Comhcheilg – conspiracy  
Dícheannadh é – he was beheaded  
Ré an Uafáis – Reign of Terror  
Na Péindlithe – Penal Laws

Pianpháis – torture  
Tréas – treason

Na hÉireannaigh Aontaithe – the United Irishmen  
Mídhleathach – illegal  
Chinn sé/bheartaigh sé – he decided  
Cuireadh tréas ina leith – he was accused of treason  
I ngéibheann – in captivity  
Daoradh chun báis é – he was sentenced to death  
Dí-armáil – disarming  
Chuir siad faoi chois é – they suppressed it  
Ár – slaughter

Calafort – port  
Trúpaí athneartaithe – reinforcements  
Daonlathas – democracy  
Teach na dTeachtaí – House of Representatives  
Bunreacht – Constitution  
Sármhaisithe – beautifully decorated  
An Rítheaghlach – the royal family  
Fíor éagórach – very unjust  
Ceannaircigh – rebels

Coinscríobh – conscription  
An Dlí faoi na hAmhrasánaigh – the Law of Suspects

## COGADH SAOIRSE MHEIRICEÁ

### Rí Seoirse agus a Ghéillsinigh i Meiriceá

I rith an 18ú céad d'fhág roinnt mhaith daoine an Bhreatain agus an Fhrainc agus chuaigh siad ar imirce go dtí Meiriceá Thuaidh, áit a ndeachaigh siad le feirmeoireacht agus le fiach. Bhris cogadh amach san Eoraip in 1757 idir Sasana agus an Fhrainc agus scaip sé go Meiriceá. Bhuaigh Sasana agus b'éigean don Fhrainc a cuid féin de Mheiriceá a thabhairt do Shasana.

Dá bhrí sin bhí Rí Shasana ina rí ar Mheiriceá Thuaidh ansin.

Ba é **Seoirse III** a bhí ina rí san am agus chreid sé féin go raibh ceart aige ó Dhia a rogha ruda a dhéanamh leis na coilínigh i Meiriceá. Fiú nuair a bhí an cogadh thart choinnigh an Bhreatain saighdiúirí i Meiriceá. Ach in ionad beaircí a thógáil dóibh, cuireadh ar loistín iad i dtithe na ndaoine. Dúradh leis na coilínigh go gcaithfidís íoc as an chogadh trí chánacha éagsúla.

## An tAcht Stampáí

Cineál amháin cánach ba ea stampáí speisialta a chaithfí a cheannach le cur ar gach nuachtán a dhíolfaí.

Rith Parlaimint na Breataine i Londain

**An tAcht Stampáí** agus ní hamháin go raibh **stampdhleacht le gearradh ar nuachtáin** ach bhí sé le gearradh ar **cháipéisí oifigiúla cosúil le huachtanna agus ceadúnais deochanna meisciúla**. Ach ba é an

rud ba mhó a chuir na Meiriceánaigh ar mire ná go raibh dream daoine, 3,000 míle ar shiúl uathu thall i Londain, ag déanamh socruithe dóibh agus nach raibh aon duine thall acu sa pharlaimint chun a gcuid tuairimí a chur chun tosaigh.


## Cóisir Tae Bhostúin

Chuir na Meiriceánaigh a bhfearg in iúl ar dhóigheanna éagsúla do na feidhmeannaigh ríoga a cuireadh anonn chucu chun féachaint chuige go mbeidís

dílis don dlí agus go n-íocfaidís na cánacha éigeantacha (*compulsory taxes*). Baile calafoirt iontach gnóthach ba ea Bostún in Massachusetts agus ba le trádáil le tíortha thar lear a bhí a lán de mhuintir an bhaile sin ag tuilleamh a mbeatha.

**Dhiúltaigh na Meiriceánaigh dleacht an tae a íoc** agus smuigleáil trádálaithe cuid mhór tae isteach sa tír.

Bhí fearg mhór ar na coilínigh nuair nach gceadódh feidhmeannaigh an rí dóibh a longa féin a úsáid chun tae a iompórtáil ón India. Sa bhliain 1773 bhain roinnt longa ó Shasana Cuan Bhostúin amach. D'iarr muintir na háite ar úinéirí na long filleadh ar Londain agus an tae a thabhairt leo. Ní ligfeadh an gobharnóir Briotanach ná na hoifigigh chustaim d'fhoirne na long é sin a dhéanamh. Chuaigh cuid de mhuintir na háite ar bord na loinge Shasanaí i gCuan Bhostúin agus iad gléasta mar Indiaigh



Cóisir Tae Bhostúin

agus **chaith siad an tae amach san fharraige**. Dhíol muintir Bhostúin go daor as an rud a rinne siad mar druideadh calafort Bhostúin ar an trádáil go léir go dtí go dtabharfadh na daoine cúiteamh sa tae a scrios siad.

Trí bliana roimhe sin sa bhliain 1770 tharla **Ár Bhostúin** (*Boston Slaughter*) nuair a scaoil saighdiúirí le scaifte de chuid na háite nuair a rinne an slua magadh fúthu. Maraíodh cúigear agus gortaíodh seachtar.

### **Cinneadh na Breataine**

De réir a chéile d'éirigh sé soiléir go gcaithfeadh na Sasanaigh caitheamh níos fearr leis na Meiriceánaigh nó go gcaithfidís iad a throid. Bhí **fearg mhór ar na huaisle** i Sasana go raibh na coilínigh ag cur in éadan orduithe an rí agus a chuid feidhmeannach. Dá bharr sin, d'ordaigh rialtas Shasana dá nginearáil i Meiriceá brú a chur ar na coilínigh agus na hairm a bhailiú uathu. Chosain na Meiriceánaigh a gcuid arm agus ba é sin an chéad uair a tharla troid dhíreach idir an dá thaobh.

Tuigeadh don **Ghinearál Gage** go raibh uirlisí troda agus púdar gunna curtha i bhfolach ag lucht an éirí amach fiche míle ar an taobh ó thuaidh de Bhostúin ach bhí scéal faighte ag lucht an éirí amach agus d'ionsaigh siad saighdiúirí na Breataine ar an bhealach. Is anseo i sráidbhaile beag **Lexington** a scaoileadh na chéad urchair i gCogadh Shaoirse Mheiriceá.

### **Cogadh Saoirse Mheiriceá**

Lean an cogadh ar feadh ocht mbliana agus tugtar Cogadh Saoirse Mheiriceá air ó shin i leith. Sheol an Bhreatain na mílte saighdiúirí trasna an Atlantaigh chun ceacht a mhúineadh do na Meiriceánaigh. Throid na Meiriceánaigh go cróga agus fuair siad tacaíocht ó shean-namhaid na Breataine, **an Fhrainc**. Nuair a thosaigh an cogadh chinn na Meiriceánaigh gur mhaith leo a bheith réidh le ríthe agus le huaisle go deo.

Tharraing siad anuas dealbha de Rí Seoirse. Bhí díospóireacht mhór eatarthu faoi ról an rí. Tháinig roinnt de cheannairí na gcoilíneach le chéile fad a bhí an cogadh ar siúl agus shocraigh siad gurbh é an rud ba thábhachtaí ná a bheith neamhspleách ar an Bhreatain. Faoin bhliain 1783 nuair a tháinig deireadh leis an chogadh **bhí poblacht de dhíth ar bhunús na gcoilíneach**. Mar sin ba í sin an chéad tír mhór nua-aoiseach a rinne iarracht a cúrsaí féin a eagrú gan rí ná uaisle.

### **Forógra na Saoirse**

Ní muintir Bhostúin amháin a bhí ag troid in éadan na Breataine Móire. Ba bhail iad na coilíneachtaí uilig den **Chomhdháil Ilchríochach** (*Continental Congress*) a chruinnigh le chéile in Philadelphia agus a shocraigh go nglacfadh gach coilíneacht páirt i ngluaiseacht na saoirse. Ag an dara Comhdháil glacadh le Forógra na Saoirse (*Declaration of Independence*). Ba é Thomas Jefferson a chuir an doiciméad le chéile agus fógraíodh ann go raibh sé de cheart ag muintir na Stát Aontaithe briseadh leis an Bhreatain Mhór.

## CEIST SCRÚDAITHE – PEARSANA SA STAIR

Ceannaire réabhlóideach a ainmníonn tú, as Meiriceá ag deireadh an 18ú haois

### George Washington

Ní raibh san Fhorógra ach an chéad chéim chun saoirse a bhaint amach. Bhí cogadh in éadan na Breataine le troid acu. Roghnaigh siad George Washington le bheith ina Ard-Cheannasaí ar na saighdiúirí sa chogadh sin. Fágadh eastát an teaghlaigh i Virginia dó agus bhí caoga daor gorm ag obair ar an 8,000 acra talún aige. Fuair sé oiliúint sa suirbhéireacht ach chuir sé an-suim san fheirmeoireacht. Chruthaigh Washington go raibh an-mhisneach aige nuair a ordáíodh dó fógra a thabhairt do cheannasaí na bhFrancach a chuid saighdiúirí a tharraingt siar as ceantar Ohio. D'éirigh sé as an arm sa bhliain 1758 agus ar ais in Virginia toghadh é ina bhall den tionól áitiúil a bhí ag cuidiú leis an Ghobharnóir ón Bhreatain chun Virginia a rialú.

Chaith Washington agus a chuid saighdiúirí geimhreadh fíor chrua sa bhliain 1777 – 1778 in áit sceirdiúil a dtugtar **Valley Forge** air. D'fhulaing na saighdiúirí cruatan millteanach san áit sin – fuacht, ocras agus tinneas. Chuaigh an Fhrainc, an Ísiltír agus an

Spáinn isteach sa chogadh ar thaobh na Meiriceánach. Sin an fáth ar bhuaigh Meiriceá ar an Bhreatain mar chaill Cabhlach na Breataine an greim a bhí acu ar Mheiriceá Thuaidh. **Ní raibh longa na Breataine sábháilte a thuilleadh** san Aigéan Atlantach.

Bhuaigh na Meiriceánaigh faoi Washington ar arm na Breataine i Virginia sa bhliain 1781. Ba é sin an cath ba mhó le rá sa chogadh. Chuir rialtas na Breataine tús i bPáras le cainteanna síochána leis na Francaigh agus leis na Meiriceánaigh. Mar thoradh ar na cainteanna sin **ghlac an Bhreatain Mhór le neamhspleáchas choilíneachtaí Mheiriceá Thuaidh**. Chuir na Meiriceánaigh córas cónaidhmeach (*federal system*) rialtais ar bun agus thogh siad George Washington ina chéad uachtarán ar na Stáit Aontaithe. Ag smaoineamh ar an daonlathas (*democracy*) agus ar shaoirse chainte a spreag Réabhlóid Mheiriceá agus ba ghearr gur scaip sí go dtí tíortha na hEorpa- an Fhrainc agus Éire ina measc.



George Washington

## RÉABHLÓID NA FRAINCE

**An Ancien Régime** nó an rialtas ársa a tugadh ar rialtas na Fraince roimh an réabhlóid. Bhí an rí agus na huaisle iontach cumhachtach. Dá mbeifeá ag iarraidh gnó a chur ar bun bhí ort cead a fháil ó fheidhmeannaigh an rí agus rinne siadsan cinnte de go n-íocfá an chuid is mó den airgead a thuillfeá leis an rí. Fuair na huaisle an chuid is mó de na barraí a d'fhás na feirmeoirí.

Faoin am a ndearnadh rí de **Louis XVI** sa bhliain 1774 bhí an rí ag fáil cuid mhór airgid ó na gnáthdhaoine agus ó lucht gnó i bhfoirm cánacha éagsúla. Bhí lear mór airgid ag **na huaisle** ach níor gearradh aon phingin cánach orthu siúd. Bhí smacht acu ar na poist maithe san arm, sna cúirteanna agus san eaglais. Níor mhaith le Louis cur isteach ar na huaisle a bhí thart air. Meastar go mbíodh 50,000 duine ag maireachtáil ar chostas an rí i Versailles agus sa chomharsanacht.

### Na hEastáit Ghinearálta

Bhí a fhios ag an rí go mbíodh coiste ann sa tsean-am chun comhairle a chur ar an rí faoi chúrsaí airgid. Bhíodh uaisle, easpaig agus sagairt agus gnáthdhaoine ar an choiste seo. Tugadh **na hEastáit Ghinearálta** (*States General*) air. D'fhógair an rí Louis XVI go dtiocfadh siad le chéile arís sa bhliain 1788. Chuaigh roinnt míonna thart ach níor mhínigh an rí dóibh cé acu ar chóir dóibh teacht le chéile mar aonad amháin nó gach eastát neamhspleách ar a chéile. Faoi dheireadh shocraigh an Tríú hEastát go dtabharfadh siad an **Tionól Náisiúnta** (*National Assembly*) orthu féin mar gurbh ionadaithe iad thar ceann 94% de mhuintir na Fraince.

### Mionn na Cúirte Leadóige

Mheas an Tríú hEastát nach raibh aon chóras ceart ann chun an tír a rith.

Mhóidigh siad go bhfanadís le chéile go dtí go mbeadh bunreacht scríofa curtha le chéile acu. D'ordaigh an rí dóibh gan teacht le chéile ar an dóigh seo ach dhiúltaigh siad ach roinnt laethanta ina dhiaidh sin ghlac an rí leis an Tionól Náisiúnta agus leis an obair a bhí ar bun acu. D'aontaigh an Tríú hEastát ar an mhéid seo a leanas:


### Ceartha an Duine

- Tá gach aon duine ar chomhchéim agus ba chóir caitheamh leo mar sin
- Níl sé de cheart ag duine ar bith socruithe a dhéanamh faoi mhuintir na Fraince ach na daoine atá tofa chuige sin.
- Beidh saoirse ag an duine aonair faoin dlí.

Ní raibh an bhunreacht críochnaithe ag an Tionól Náisiúnta go dtí samhradh 1791 ach idir an dá linn bhí siad ag rialú na tíre ó tharla go raibh an cúram sin bainte de na huaisle. D'fhág cuid mhaith de na huaisle an tír agus d'iarra siad ar ríthe eile ionradh (*invasion*) a dhéanamh ar an Fhrainc chun a gcumhacht a fháil ar ais.

Ba é mana na réabhlóide ná **Saoirse, Comhionannas** agus **Bráithreachas**.

Dhírigh drochshamhradh na bliana 1789 aigne cuid mhór daoine ar an ghéarghá a bhí le hathrú. Mhill an drochaimsir na barraí uilig. Bhí na feirmeoirí ag fáil praghsanna ísle ar scor ar bith mar bhí bia saor ag teacht isteach ó Shasana. Rinne an rí Louis iarracht ar shaighdiúirí a thabhairt le chéile chun an Tionól Náisiúnta a bhriseadh suas mar bhí eagla air go ngearrfadh an Tionól siar ar chumhacht an rí. Is ansin a ghlac gnáthmhuintir na Fraince páirt sa réabhlóid don chéad uair.



**Aq ionsaí an Bastille**

### **Ag ionsaí an Bastille**

Bhí sean-chaisleán mór ina raibh gunnaí agus armlón stóráilte i lár Pháras. Príosún a bhí ann fosta agus an Bastille an t-ainm a bhí air. I mí Iúil 1789 mháirseáil scaifte mór de mhuintir Pháras go dtí é chun gunnaí a fháil sa dóigh go mbeadh siad ábalta an t-arm a throid dá mba ghá é. Tar éis cúig huairé an chloig ghlac siad seilbh ar an chaisleán. Nuair a scaipeadh an scéal shocraigh mórán daoine a mBastille áitiúil féin a ionsaí - caisleán an tiarna áitiúil a bhí i gceist go minic.

### **Ag teitheadh go dtí Varennes**

Bhí cuid de na baill sa Tionól Náisiúnta ag iarraidh fáil réidh leis an rí ach bhí bunús acu sásta Louis a fhágáil ann fad is a bhí parlaimint thofa ag rialú na tíre. B'fhéidir nach mbeadh a thuilleadh achrainn ann ach gur shocraigh an rí agus an teaghlach ríoga éalú i lár na hoíche faoi bhréagriocht (*disguise*) ón phálas i bPáras, **an Tuileries** sa bhliain 1791. Bhí siad gar go maith do theorainn na Gearmáine nuair a stopadh iad. Tugadh ar ais go Páras iad.

Shíl cuid mhaith de mhuintir Pháras go raibh an rí páirteach i gcomhcheilg (*conspiracy*) le naimhde na Fraince. Chuir sé uafás ar dhaoine ar fud na hEorpa go mb'éigean do Louis iarracht a dhéanamh teitheadh as a thír féin. Thosaigh na huaisle a d'fhág an Fhrainc ag bailiú saighdiúirí chun ionradh a dhéanamh ach d'fhógair rialtas na Fraince cogadh ar dtús.

### **An Fhrainc ina poblacht**

Theip go tubaisteach ar arm na Fraince sna cathanna tosaigh agus faoi dheireadh 1792 ba chosúil go mbeadh bua furasta ag na hairm iasachta agus go mbeadh an rí agus na huaisle ar ais i gcumhacht. D'ionsaigh saighdiúirí na Réabhlóide agus sluaite ó Pháras Pálás Tuileries agus troideadh cath fuilteach ann agus maraíodh 1,400 duine. Tugadh ar an rí éirí as oifig agus an mhí dar gcionn fógraíodh an Fhrainc ina poblacht. **Bhí deireadh le ré míle bliain de cheannas na ríthe.**

## Robespierre

Bhí duine láidir de dhíth chun Poblacht nua na Fraince a stiúradh le linn an easaontais taobh istigh den tír agus le linn na n-ionraí ó thíortha eile. Ba é Maximilien Robespierre an fear a roghnaíodh chun sin a dhéanamh. Bhí sé tofa ina bhall den Tríú Eastát. Cuireadh go mór lena chumhacht nuair a chaill Louis a chuid cumhachta. Bhí Robespierre ar dhuine de na daoine a bhí ag iarraidh go gcuirfí pionós ar an Rí. Ba iad **na Sans-Culottes** ba mhó a thug tacaíocht dó. Trádálaithe nó siopadóirí beaga ba ea bunús acu siúd ach ní raibh Robespierre ach ag glacadh buntáiste orthu ar mhaithe leis féin.

## Ré an Uafáis

Bheartaigh Robespierre agus roinnt daoine eile sa Tionól an marú a eagrú i

gceart. Chuirfí ar a thriail aon duine a raibh siad in amhras faoi gur chuidigh sé leis an namhaid agus chuirfí chun báis é leis an ghléas nua a bhí cumtha ag an Dr. Gilitín. Cuireadh an **rí Louis XVI** féin ar a thriail sa bhliain 1793. Fuair siad ciontach é agus **dícheannadh é** (*beheaded*). Cuireadh chun báis go leor daoine eile a labhair amach in éadan a bhí ar siúl sa Fhrainc. Faoin am sin bhí an chuid is mó den Eoraip tiontaithe in éadan na Fraince. **Mhéadaigh Robespierre ar an Uafás** i lár na bliana 1794 agus chuir sé cuid mhór príosúnach chun an ghilitín. Ní raibh feidhm leis seo dáiríre mar bhí an Fhrainc ag baint an chogaidh. Tháinig eagla ar a naimhde, ghabh siad é agus chuir siad chun báis é.

## CEIST SCRÚDAITHE – PEARSANA SA STAIR

Ceannaire réabhlóideach a ainmníonn tú, as an Fhrainc ag tús an 19ú haois

## Napoleon Bonaparte

Oifigeach óg éifeachtach ba ea Napoleon Bonaparte, a rugadh i Corsica. Sa bhliain 1796 cuireadh Napoleon i gceannas ar arm na Fraince a bhí ag cur cogaidh ar na hOstaraigh san Iodáil. Ní raibh sé ach 27 bliana d'aois ag an am.

- Dúirt daoine go raibh sé mar a bheadh rí ann agus bhí siad bródúil as. D'iarr sé ar mhuintir na Fraince an teideal "**impire**" a thabhairt dó agus tugadh an t-Impire Napoleon air ón bhliain 1804 ar aghaidh. D'éirigh sé cumhachtach.
- Nuair a bhí smacht ag Napoleon ar an chuid is mó den Eoraip bhí sé réidh le dul ag troid leis an Bhreatain. Bheartaigh Napoleon **stop a chur le tíortha na hEorpa earraí a cheannach ó Shasana** ionas go mbeadh dífhostaíocht sa Bhreatain. Dhiúltaigh an Phortaingéil

agus ansin thosaigh an Rúis ag trádáil leis an Bhreatain.

- Thosaigh Napoleon ag pleanáil **ionraidh ar an Rúis** mar thoradh. Nuair a chuaigh sé go Moscó bhí an chathair folamh. Ar an bhealach abhaile d'ionsaigh arm na Rúise iad agus rinne siad scrios ar arm Napoleon.
- D'aontaigh ríthe agus uaisle na hEorpa sa bhliain 1815 go gcaithfí ionradh eile a dhéanamh ar an Fhrainc chun deireadh a chur le Napoleon. Mháirseáil Napoleon isteach sa Bheilg láithreach. Tháinig arm na Breataine faoi cheannas an Tiarna Wellington sa bhealach ar na Francaigh in áit ar a dtugtar **Waterloo**. Bhí troid fhíochmhar cúig huairé an chloig ann. Ansin d'ionsaigh arm na Prúise na Francaigh ón taobh agus b'éigean d'arm Napoleon cúlú siar go gasta. Ghéill sé ansin do na Sasanaigh.

## ÉIRÍ AMACH 1798

Faoi riail Shasana a bhí Éire le linn na réabhlóidí i Meiriceá agus sa Fhrainc. Ba leis na tiarnaí talún Protastúnacha formhór na talún agus bhí smacht acu ar

an parlaimint i mBaile Átha Cliath fosta. Ní raibh cead ach ag Protastúnaigh suíocháin a bheith acu sa parlaimint nó a bheith páirteach sa rialtas.

### CEIST SCRÚDAITHE – PEARSANA SA STAIR

Ceannaire réabhlóideach a ainmníonn tú, as Éirinn ag deireadh an 18ú haois

#### Wolfe Tone

Bhí súil ag Wolfe Tone go rachadh na Preispitéirigh leis na Caitlicigh chun éirí amach in éadan rialtas na Breataine mar bhí siadsan ag fulaingt leis na Péindlithe chomh maith. Seo a leanas na trí phríomhchuspóir a bhí ag Tone:

1. Éire a scaradh go hiomlán le Sasana agus poblacht a bhunú mar a bhí i Meiriceá nó sa Fhrainc.
2. Foréigean a úsáid chun seo a bhaint amach.
3. Éireannaigh ó gach creideamh le chéile chun troid ar son shaoirse na hÉireann.

#### Na hÉireannaigh Aontaithe

Chun na cuspóirí thuas a chur i gcrích bhunaigh Wolfe Tone agus a lucht leanúna eagraíocht nua – Cumann na nÉireannach Aontaithe i mBéal Feirste sa bhliain 1791. Bunaíodh brainse den eagraíocht nua i mBaile Átha Cliath. Bhí cuid mhaith den mheánaicme ann cosúil le ceannaithe, dlíodóirí agus dochtúirí. **Protastúnaigh is mó** a bhí ann ag an tús ach ba ghearr go ndeachaigh go leor Caitliceach isteach ann fosta. Fógraíodh an eagraíocht a bheith mídhleathach. Lean na baill de bheith ag teacht le chéile go rúnda. Bhí eagla ar Tone go raibh rialtas Shasana chun é a ghabháil agus chuaigh sé féin agus a theaghlach go Meiriceá.

Tar éis bliain go leith ansin chuaigh sé go dtí an Fhrainc agus an cuspóir aige

na Francaigh a mhealladh chun fórsa ionraidh (*invading*) a chur go hÉirinn. Casadh ceannairí móra na Fraince ar Tone agus d'éirigh leis a chur ina luí orthu 15,000 saighdiúir a chur go hÉirinn faoi cheannas Ghinearál Hoche. Idir an dá linn ceapadh Tone ina oifigeach in arm na Fraince agus mar sin bhí sé ag saothrú pá rialta.

#### Teip Bhá Bheanntraí

Nuair a bhain longa na Fraince cósta Bhá Bheanntraí amach bhí an aimsir millteanach. Rinne gach captaen a dhícheall foscadh a fháil dá long féin. Bhí siad ag súil leis go socródh an ghaoth agus go dtiocfadh an **Ginearál Hoche** ach níor tharla ceachtar den dá rud seo. Bhí an ghaoth chomh láidir sin go raibh cuid de na báid ag dul ó smacht cé go raibh siad ar ancaire. Lean an gala ag séideadh thar na Nollag agus scaipeadh na longa ar fud na háite. Chinn siad uilig fillleadh chun na Fraince.

#### An rialtas ag ionsaí

Bhí spairí nó brathadóirí ag rialtas Bhaile Átha Cliath i rith an ama ach bhí eolas míchruinn acu. Thosaigh siad ag cur na nÉireannach Aontaithe faoi chois:

- Bhí sé in éadan an dlí uirlisí troda a thabhairt isteach go hÉirinn
- Bhí cead ag na húdaráis tithe a chuardach agus iad a dhó go talamh.
- Bhí cead ag na húdaráis daoine a bhí faoi amhras a ghabháil.
- Thosaigh siad feachtas dí-armála i gCúige Uladh.



- Gabhadh cuid mhaith de cheannairí an éirí amach agus cuireadh chun báis iad.

### **An tÉirí Amach i gCúige Uladh**

Ba é Henry Joy McCracken, Preispitéireach a bhí i gceannas ar an 3,000 reibiliúnaí a d'éirigh amach i mbaile Aontroma agus ba é Protastúnach darbh ainm Henry Monroe a chur tús leis an éirí amach i gCo. an Dúin. Níor mhair an trodaireacht ach seachtain. Gabhadh McCracken agus Monroe agus crochadh iad.

### **An tÉirí Amach i gCo. Loch Gorman**

Dúirt sagart Caitliceach an cheantair, **an tAthair Seán Ó Murchú**, go raibh sé sásta an t-éirí amach a stiúradh i mBaile Mhaodhóg. Bhí pící agus speala mar uirlisí troda acu agus ghlac siad seilbh ar Inis Córthaidh agus ar Loch Gorman. Choinnigh na reibiliúnaithe Protastúnaigh na háite i ngéibheann i mbaile Loch Gorman mar bhí siad ag déanamh amach go raibh na Protastúnaigh ag tacú le rialtas na Breataine. Tharla roinnt eachtraí gránna. Dhóigh na reibiliúnaithe 100 Protastúnaigh ina mbeatha i scioból i Scolbóg agus mharaigh siad 100 príosúnach Protastúnach le pící ar dhroichead Loch Gorman.

Nuair a theip ar na reibiliúnaithe seilbh a fháil ar Ros Mhic Thriúin chruinnigh siad le chéile ar **Chnoc Fhiodh na gCaor** (*Vinegar Hill*). Bhuaigh fórsaí na Breataine, faoin Ghinearál Lake, orthu go furasta. Scrios siad an tuath, dhóigh siad tithe agus chroch siad duine ar bith a mheas siad a bhí ina reibiliúnaí

### **Fórsa Eile ón Fhrainc**

Tháinig an chéad ghrúpa Francach faoi cheannas an Ghinearáil Humbert i dtír i gCuan Chill Ala i gCo. Mhaigh Eo i Lúnasa 1798. Bhí níos lú ná míle fear in éineacht leis. Bhí an t-éirí amach curtha faoi chois ar fud na tíre faoin am ar

tháinig siad. Bhí sé i gceist go dtiocfadh 3,000 eile go gairid ina dhiaidh sin. Mháirseáil siad go dtí Caisleán an Bharraigh agus ghlac siad seilbh air gan stró. Shocraigh Humbert go bhfanfadh sé seachtain ansin go dtí go dtiocfadh an dara grúpa. Bhí sé ag súil le cuidiú ó na Gaeil ach níor thuig muintir Mhaigh Eo cad é a bhí ar siúl.

Cuireadh moill míosa ar an dara grúpa ag fágáil na Fraince agus cé nach raibh a fhios ag Humbert sin bheartaigh sé gluaiseacht ar aghaidh i dtreo Bhaile Átha Cliath. Casadh arm na Breataine air i **mBéal Átha na Muc** i gCo. Longfoirt. Arm 20,000 fear a bhí rompu agus níor mhair an cath rófhada. Ghéill na Francaigh ansin agus rinneadh príosúnaigh chogaidh díobh agus maraíodh na hÉireannaigh a bhí leo.

### **Bás Wolfe Tone**

Nuair a bhí an dara grúpa ag iarraidh teacht i dtír troideadh cath mara amach ó chósta Thír Chonaill agus ghabh na Sasanaigh sé cinn de na naoi long Fhrancacha. Bhí Wolfe Tone ar cheann de na longa. D'aithin na Sasanaigh Tone láithreach, cheangail siad a dhá chois le slabhraí agus tugadh go Baile Átha Cliath é, áit ar cuireadh ar a thriail é. Cuireadh tréas (*treason*) in éadan Rí Seoirse III ina leith, fuair siad ciontach é agus daoradh é chun a chrochta go poiblí. Ghearr sé a scornach le rásúr agus fuair sé bás seachtain ina dhiaidh sin den ghortú.

### **Cad chuige ar theip ar Éirí Amach 1798?**

Spiairí an-éifeachtach,  
Nor thug mórán daoine tacaíochta dó,  
An chléir ina éadan,  
Arm Shasana oilte,  
Easpa uirlisí troda,  
Easpa smachta,  
Na Francaigh rómhall ag teacht,  
In éadan trúpaí armáilte